Údarás na Gaeltachta

Maoinithe ag an Aontas Eorpach

Comhordaitheoir Togra Turasóireachta (ST3ER)

Conradh sainchuspóra suas le 2 bhliain atá i gceist leis an bpost.
Beidh an té a cheapfar le lonnú in Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Contae na Gaillimhe .

Tá Údarás na Gaeltachta ina chomhordaitheoir ar ST3ER (*Scaling Twin Transition in Tourism by harnessing the Experience Economy for greater Resilience*), www.st3er.eu clár forbartha chun tacú le gnóthaí turasóireachta atá á fheidhmiú i gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha. Tá sé mar aidhm ag an togra seo feabhas a chur ar iomaíochas comhlachtaí turasóireachta, a gcumais daonna a fhorbairt agus a n-aistriú glas agus digiteach a éascú. Tacóidh an clár le forbairt agus méadú comhlachtaí turasóireachta, agus cothóidh sé a nuálaíocht trí mhalartú dea-shamplaí agus trí ócáidí aistrithe eolais a eagrú. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár European Innovation Council and SMEs Executive Agency (EISMEA) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:
Mar chuid d'fheidhmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Chomhordaitheoir Togra ar bhunús conartha sainchuspóra. Beidh an Comhordaitheoir Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre ST3ER atá le reáchtáil sa Ghaeltacht, in Iarthar na hÉireann, sa Spáinn, sa tSlóivéin, sa Danmhairg agus sa Phortaingéil agus a thacóidh le forbairt na hearnála turasóireachta.

Dualgais:
Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú agus stiúradh a dhéanamh ar an togra i gcomhar le cúig pháirtithe eile chun a chinntiú go gcuirtear spriocanna *ST3ER* i bhfeidhm go héifeachtach. I measc na ndualgaisí seo beidh an té a cheapfar freagracht as buiséad an togra (c. €3.5m), tuairiscíocht rialta a dhéanamh le rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh faoi dhul chun cinn an togra, cumarsáid agus caidreamh rialta a dhéanamh le páirtithe an togra, agus pacáistí agus tascanna oibre an togra a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht i gcomhar le foireann an Údaráis agus le páirtithe eile ar mhaithe le forbairt na hearnála turasóireachta sa Ghaeltacht.

An Duine:
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Taithí oibre ábhartha, tar éis na céime
- Eolas / tuiscint ar thurasóireacht agus ar fhiontraíocht
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Is post ar chonradh sainchuspóra suas le 2 bhliain é seo, beidh scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €56,556 - €71,227 ag dul leis an bpost seo. Beidh an té a cheapfar freagrach don mBainisteoir Turasóireachta.

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarrthóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh **4:00 i.n. ar 23 Meán Fómhair 2024.**

Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.